Ráiteas Polasaí
ar
Bainistiú Forbartha

agus

Rochtain ar Bhóithre Náisiúnta

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
Teach Naomh Máirtín
Bóthar Waterloo
Baile Átha Cliath 4

Teil: +353 1 660 2511 / Faics: +353 1 668 0009
Ríomhphost: info@nra.ie
Gréasán: www.nra.ie

Bealtaine, 2006

Innéacs

Réamhfhocal i

Cuid 1 – Réamhrá.

1.1 Maidir leis an Ráiteas seo 1
1.2 Freagracht Reachtúil an NRA 1
1.3 Straitéis Forbartha na mBóithre Náisiúnta 1
1.4 Éifeacht Oibríochta agus Acmhainneacht na mBóithre Náisiúnta a Chosaint 2
1.5 Sábháilteacht Dhaoine a bhíonn ag úsáid na mBóithre 3
1.6 Limistéir Sheirbhíse agus Limistéir Scíthe 4

Cuid 2 – Polasaithe agus Treoirlínte Pleanála Náisiúnta

2.1 Comhairle agus Treoirlínte Rialú Forbartha agus Polasaí agus Creat Pleanála do Bhóithre 5
2.2 Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe – Treoirlínte do na hÚdaráis Phleanála 5
2.3 Treoirlínte Pleanála Miondíola 6
2.4 Cuspóirí Polasaí Oifigiúil: Achoimre 7

Cuid 3 – Pleananna Forbartha agus Iarratais Phleanála.

3.1 Cur Chuige agus Cuspóirí an NRA 9
3.2 **Pleananna Forbartha** 10
3.2.1 Comhairliúchán le hÚdaráis Phleanála 10
3.2.2 Pleananna Forbartha a Ullmhú agus a Athbhreithniú 10
3.2.3 Tionchar ar Fhorbairt Achomhal. 10
3.2.4 Forbairtí Beartaithe i Limistéir Uirbeacha agus in Ionaid Forbartha Ainmnithe 11
3.2.5 Roghanna Bealaigh do Scéimeanna Bóithre Nua nó Feabhsaithe a Chosaint 11
3.2.6 Cúinsí Neamhghnácha 12
3.3 **Iarratais Phleanála** 13
3.3.1 Iarratais Phleanála a chur in iúl don NRA 13
3.3.2 Aighneachtaí agus Tuairimí an NRA 13
3.3.3 Rochtain ar Bhóithre Náisiúnta 14
3.3.4 Iniúchtaí Sábháilteachta ar Bhóithre 14
3.3.5 Measúnachtaí Tráchta agus Iompair 14
3.3.6 Maoiniú ar Uasghrádú Bóthair ag eascairt as Forbairt Cheadaithe 15
3.3.7 Cinneadh Ceadú a thabhairt Contrártha do Thuairimí an NRA a chur in iúl don NRA. 15
3.3.8 Achomhairc ag an NRA chuig an mBord Pleanála 15

Ráiteas Polasaí ar Bhainistiú Forbartha agus Rochtain ar Bhóithre Náisiúnta

Réamhfhocal

ó

Fred Barry, Príomhfheidhmeannach

Tá an scála agus an dlús gan fasach atá le clár forbartha na mbóithre náisiúnta le roinnt blianta anuas le coinneáil ag imeacht chomh fada agus is léir dúinn amach anseo tar éis seoladh *Transport 21*, bunphlean €34.4 billiún an Rialtais le haghaidh iompar talún, mara agus aeir na hÉireann a fhorbairt tuilleadh sna deich mbliana amach romhainn. Le straitéis *Transport 21* déanfar €9.4 milliún a infheistiú i gcóras iompair na hÉireann gach lá ar feadh na chéad 10 mbliana eile. Níos tábhachtaí ó thaobh an Údaráis de, tugann straitéis an Rialtais dearbhuithe airgeadais don Údarás a chuirfidh ar ár gcumas ár gclár forbartha a phleanáil go maith amach sa todhchaí de réir mar a leanfaimid dár dtasc, i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla, gréasán bóithre náisiúnta nua-aimseartha, sábháilte agus éifeachtach a thabhairt i gcrích chun fónamh do riachtanais na heacnamaíochta atá ag leathnú agus chun feabhas a chur ar ár gcaighdeáin mhaireachtála.

Is léir go bhfuil dualgas orainn go léir a bhfuil baint againn le clár forbartha na mbóithre náisiúnta an luach is fearr ar airgead a bhaint amach d'infheistíocht na gcistí substaintiúla atá á soláthar ag an Rialtas. Tá na bóithre nua atá á dtógáil ar fud na tíre á dtógáil ag na caighdeáin idirnáisiúnta is airde agus bíonn siad deartha de ghnáth chun fónamh do riachtanais tráchta bóthair ar feadh tréimhse fiche bliain, bunaithe go príomha ar na méideanna tráchta a mbeifí ag súil leo agus a bhaineann le feidhm idir-uirbeach agus idir-réigiúnach na mbóithre náisiúnta. Tá sé de chúram orainn, dá bhrí sin, a chinntiú, chomh fada agus is féidir go réasúnach, go leanfaidh na bóithre sin de bheith ag fónamh dá gcuspóir beartaithe gréasán iompair náisiúnta a bheidh sábháilte agus éifeachtach a chur ar fáil ar feadh tréimhse deartha fiche bliain, ar a laghad.

Is dúshláin mhóra ó thaobh éifeachtacht oibríochta agus sábháilteacht an ghréasáin bóithre náisiúnta uasghrádaithe a chinntiú agus a chothabháil iad dea-straitéisí pleanála a chur chun cinn agus forbairt mhíchuí a mbíonn drochthionchar acu ar bhóithre náisiúnta a sheachaint. Ar an gcúis sin, tá Ráiteas Polasaí foilsithe ag an Údarás arb é an aidhm phríomha atá leis ná forbróirí agus cinnteoirí a chur ar an eolas faoi na prionsabail is treoir do chur chuige an Údaráis i leith fobairtí beartaithe a mbíonn tionchar acu ar bhóithre náisiúnta.

I bhfoilsiú an Ráitis sin, aithníonn an tÚdarás, ar ndóigh, go gcaitheann na húdaráis phleanála agus An Bord Pleanála réimse leathan saincheisteanna a bhreithniú agus iad ag déileáil le gach togra forbartha aonair. Níl sna bóithre náisiúnta ach saincheist amháin díobh sin, cé gur saincheist thábhachtach iad. Tugann an Straitéis seo na polasaithe agus na saincheisteanna lárnacha maidir le bóithre náisiúnta chun suntais ar nós an infheistíocht a dhéantar in uasghrádú an ghréasáin a chosaint, leibhéal éifeachtachta/sástachta seirbhíse a choinneáil, caighdeáin arda sábháilteachta ar bhóithre a chaomhnú agus creimeadh róluath na dtairbhí sin a sheachaint. Tá an tÚdarás ag súil go gcuirfear na nithe sin san áireamh go cuí agus go mbreithneofar go cuí iad agus go mbeidh tábhacht leo sa phróiseas cinnteoireachta.

Go bunúsach, is é príomhaidhm an Ráitis:

- cur le cinntí pleanála eolgasacha a léiríonn an rogha is fearr d'fhorbairt inbhuanaithe, ag cur na mbreithnithe iomchuí go léir san áireamh, agus
- comhleanúnachas a bhaint amach sa chur chuige go náisiúnta i leith saincheisteanna pleanála agus forbartha a dhéanann difear do bhóithre náisiúnta.

Tá cur chuige eolgasach agus comhleanúnach i leith saincheisteanna pleanála agus forbartha, ceann a thugann an tacaíocht is mó don sprioc gréasán sábháilte agus éifeachtach bóithre náisiúnta a bhaint amach agus a chothabháil i gcomhthéacs níos leithne na straitéisí forbartha inbhuanaithe, chun leasa na sochaí i gcoitinne trí fhás agus fhorbairt leanúnach eacnamaíochta ar fud na Réigiún a éascú. Cé go n-aithníonn an tÚdarás, ar ndóigh, gur ábhar do na húdaráis phleanála iomchuí agus don Bhord Pleanála iad na cinntí i ndáil le saincheisteanna pleanála, táthar ag súil go mbeidh na saincheisteanna agus na polasaithe atá tugtha chun suntais sa Ráiteas seo ina gcabhair sa phróiseas cinnteoireachta agus go gcinnteofar go soláthróidh bonneagar bóithre náisiúnta na hÉireann na caighdeáin is airde éifeachtacha agus sábháilteachta do gach duine a bhíonn ag úsáid na mbóithre ar feadh go leor blianta amach romhainn.

Fred Barry
Príomhfheidhmeannach

Cuid 1

Réamhrá

1.1. Maidir leis an Ráiteas seo

Tá an Ráiteas seo ullmhaithe chun cur síos a dhéanamh ar pholasaí an Údaráis um Bóithre Náisiúnta ar bhainistiú forbairtí a mbíonn tionchar acu ar bhóithre náisiúnta. Baineann an polasaí go príomha le forbairtí beartaithe atá suite ar bhóithre náisiúnta lasmuigh de chriosanna luasteorann 50 kph do chathracha, bailte móra agus sráidbhailte, ach tugann sé aghaidh freisin ar thograí forbartha a bhíonn beartaithe do shuímh eile a bhfhéadfadh impleachtaí suntasacha a bheith acu ar na bóithre náisiúnta sa limistéar a bhíonn i gceist, mar gheall go bhféadfadh siad lear mór tráchta a chruthú.

1.2. Freagracht Reachtúil an NRA.

Tá an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta freagrach as soláthar gréasáin shábháilte agus éifeachtach de bhóithre náisiúnta a chinntiú de réir alt 17 d'Acht na mBóithre, 1993.

Tá ról lárnach ag na bóithre náisiúnta ó thaobh rochtain a sholáthar do na réigiúin go léir sa tír agus ceangal idir na príomhionaid daonra. Cé nach bhfuil ach níos lú ná 6% d'fhad iomlán na mbóithre poiblí ar fud na tíre ina mbóithre náisiúnta, i.e. thart ar 5,400 km as na 94,600 km, léirítear a dtábhacht maidir le bheith ag fónamh dár riachtanais iompair eacnamaíochta agus sóisialta sa mhéid go mbíonn 40% de thrácht bóithre go léir na hÉireann orthu.

1.3. Straitéis Forbartha na mBóithre Náisiúnta.

Tá an Ráiteas Polasaí seo ullmhaithe le haird ar straitéis an Rialtais gréasán bóithre náisiúnta a fhobairt faoi mar atá leagtha amach sa *Phlean Forbartha Náisiúnta* agus i *Transport 21*. Forálann an straitéis forbartha seo do leibhéil gan fasach infheistíochta ón Rialtas chun líonra bóithre náisiúnta nua-aimseartha a chinntiú, sa chreat ama is giorra is féidir, a fhónóidh chun taca a chur faoi rathúlacht agus iomaíocht eacnamaíochta na hÉireann trí rochtain níos tapúla, níos éifeachtaí agus níos sábháilte a sholáthar chuig ár bpríomhchalafoirt, aerfoirt, cathracha agus bailte móra agus ar ais uathu.

Ní mór d'eacnamaíocht nua-aimseartha gréasán iompair bóthair den chéad scoth a bheith aici atá inbhuanaithe ón dearcadh eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil de. Feabhsaíonn bóithre náisiúnta níos fearr rochtain ar na Réigiúin, ag cur lena dtarraingteacht le haghaidh infheistíochta isteach agus deiseanna nua fostaíochta. Ar an tslí seo, cuireann an gréasán bóithre náisiúnta le feidhmiú pholasaí an Rialtais forbairt níos cothromaí a chur chun cinn ar fud na tíre agus éascaíonn sé freisin an Straitéis Spáis Náisiúnta a chur i ngníomh.

1.4. Éifeacht Oibríochta agus Acmhainneacht na mBóithre Náisiúnta a Chosaint.

Tá an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla, ag obair chun gréasán bóithre náisiúnta ar ardchaighdeán a sholáthar trí dheireadh a chur le mí-éifeachtaí ar nós scroigeanna agus traglam, ar an tslí sin ag tabhairt tairbhí dearfacha i gcrích ó thaobh feabhas ar amanna aistir, tionchar comhshaoil laghdaithe agus úsáid níos éifeachtaí ar fhuinneamh.

Tá an straitéis chun gréasán bóithre náisiúnta a fhorbairt beartaithe chun bóithre a sholáthar de chaighdeán a thabharfaidh leibhéal sásúil seirbhíse do dhaoine a bhíonn ag úsáid na mbóithre (arna léiriú sa mheánluas a bhaintear amach), ag cur fás sa trácht ar feadh tréimhse deartha 20 bliain ar a laghad san áireamh. Beidh réimse fachtóirí eile sa bhreis ar an bhfás ar thrácht ann a shocróidh acmhainn iompair tráchta na mbóithre sin, an leibhéal seirbhíse a thugann siad i gcrích agus an tréimhse a leanfaidh siad de bheith ag feidhmiú go héifeachtúil. Ina measc sin beidh:

- minicíocht na bpointí rochtana ar an ngréasán;
- méid na forbartha a bhíonn i gceangal le bóithre náisiúnta, lena n-áirítear acomhail, agus sa cheantar i gcomharsanacht bhóithre den sórt sin, chomh maith le
- an méid tráchta a chruthaíonn forbairt den sórt sin.

Dá réir sin, tá polasaithe cuí do phlean forbartha agus cur chuige bhainistiú forbartha de dhíth chun acmhainneacht agus éifeachtacht na mbóithre náisiúnta a chothabháil agus a chosaint, ar an tslí sin ag leathnú a ré sheirbhíse mar bhealaí iompair tiomnaithe a bhíonn ag fónamh go príomha do thrácht idir-uirbeach agus idir-réigiúnach. Cabhróidh polasaithe éifeachtacha ina leith seo le luach ar airgead a bhaint amach ón infheistíocht shubstainiúil atá á dhéanamh in uasghrádú na mbóithre náisiúnta agus i ndáil le cosaint an bhonneagair a chruthaítear amhlaidh ar mhaithe go fadtéarmach le daoine a bhíonn ag úsáid na mbóithre, le pobail i gcoitinne agus leis an eacnamaíocht.

Ar réimsí mótarbhealaí agus carrbhealaí dhá rian den ghréasán, tugann acomhail ghrád-dheighilte a bhíonn ag teacht le Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Dhroichid an Údaráis réiteach sábháilte agus éifeachtach a bhíonn ag fónamh do ghluaiseachtaí tráchta chuig mótarbhealaí/carrbhealaí dhá rian, agus uathu, agus an gréasán bóithre áitiúla atá i gceangal leo. Socraítear suíomh, acmhainn agus minicíocht na n-acomhal mar chuid de phróiseas pleanála na scéime bóthair ag cur, go háirithe, patrúin dáileadh daonra, scála na limistéar uirbeach agus bunadh agus ceann scríbe na tráchta a mbeifear ag fónamh dóibh ar feadh an bhóthair bheartaithe san áireamh. Is é cur chuige an Údaráis ná an straitéis acomhal a nascadh le tréimhse deartha scéime bóthair de 20 bliain ar a laghad bunaithe go príomha ar an méid tráchta a mbeifear ag súil leis a bhaineann le feidhm iompair idir-uirbeach agus idir-réigiúnach na mbóithre náisiúnta. Ar an tslí seo, déantar gach iarracht suíomh agus

acmhainneacht na n-acomhal a mheaitseáil le ceanglais tuartha tráchta, ar an tslí sin ag seachaint diomailt chaiteachais phoiblí a tharlódh trí ródhearadh nó tearcdhearadh na n-acomhal.

Ba chóir go léireodh agus go gcosnódh polasaithe an phlean forbartha ról straitéiseach na n-acomhal maidir le fónamh do ghluaiseacht shábháilte agus éifeachtach tráchta idir-uirbeach agus idir-réigiúnach. Go háirithe, ba chóir polasaithe a ghlacadh ionas go seachnófar go mbainfí an bonn d'fheidhm iompair straitéisigh na mbóithre náisiúnta, lena n-áirítear achomhail, le bearta a bhíonn ceaptha fónamh do riachtanais tráchta áitiúil a mbeadh sé níos oiriúnaí aghaidh a thabhairt orthu sin laistigh den chreat chun bonneagar dóthanach bóithre áitiúla a sholáthar.

1.5. Sábháilteacht Dhaoine a bhíonn ag úsáid na mBóithre.

Tá an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, mar a dúradh cheana, freagrach as gréasán sábháilte agus éifeachtach de bhóithre náisiúnta a chinntiú. Is lú an ráta timpistí agus an líon daoine a mharaítear ar bhóithre náisiúnta nua-dhéanta, a bhíonn deartha agus tógtha ag na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr, ná a bhíonn ar chodanna níos sine den ghréasán nach bhfuil feabhas curtha orthu. Is fearr atá mótarbhealaí ina leith seo, agus ina dhiaidh sin tá bóithre caighdeánacha carrbhealaí dhá rian. Léiríonn an cás sin deighilt an tsrutha tráchta agus úsáid a bhaint as sliosbhóthair agus acomhail a bhíonn ag fónamh do ghluaiseachtaí tráchta isteach ar mhótarbhealaí agus ar charrbhealaí dhá rian agus amach uathu. Níl an caighdeán sin bóithre inchosanta, áfach, ar gach cuid den ghréasán le haird ar an líon tráchta a mbeifear ag súil leo amach anseo agus costas na mbóithre sin.

Tá tionchar mór ag minicíocht na gcumar le taobh-bhóithre agus bealaí isteach chuig forbairt le taobh an bhóthair, lena n-áirítear fiontair thionsclaíocha agus tráchtála, feirmeacha agus forbairt chónaitheach, chomh maith le tithíocht aonuaire, ar fheidhmíocht agus ar theist sábháilteachta bóithre dhá lána agus an chineáil bóthair 2-móide-1 atá á phíolótú faoi láthair ag an Údarás. Cruthaíonn na gnéithe agus na forbairtí sin trácht a bhíonn ag casadh agus a mbaineann baol suntasach sábháilteachta leis do dhaoine a bhíonn ag úsáid na mbóithre agus iad ag dul isteach ar phríomhbhóthar nó ag fágáil príomhbhóthair agus don trácht eile a bhíonn ar an mbóthar cheana féin. Léiríonn anailís ar shonraí timpistí bóthair gur tharla níos mó ná 50% (33,665) de na timpistí go léir ar tharla gortú iontu agus a tuairiscíodh ar bhóithre na hÉireann sa tréimhse 1996-2004 ag cumair nó bhain gluaiseachtaí isteach ar bhóithre nó amach de bhóithre leo. Is 964 an líon iomlán daoine a maraíodh sna timpistí sin, nó 26% den mhéid iomlán daoine a maraíodh i dtimpistí bóthair (3,707) a taifeadadh i rith na tréimhse sin.

Tacaíonn an tÚdarás, dá bhrí sin, le straitéis a fhéachann le cosc a chur ar go leor fobairtí le taobh an bhóthair ar feadh na mbóithre náisiúnta lena mbaineann luasteorainneacha arda i.e. níos mó ná 50 kph, mar chuid de straitéis leathan atá dírithe ar an méid daoine a mharaítear ar bhóithre den sórt sin a laghdú.

1.6. Limistéir Sheirbhíse agus Limistéir Scíthe.

Moltar i Ráiteas Polasaí an Údaráis maidir le Limistéir Sheirbhíse agus Limistéir Scíthe a Sholáthar ar Mótharbhealaí agus ar Charrbhealaí Dhá Rian ar Ard-chaighdeán go gcuirfí saoráidí den sórt sin ar fáil ag eatraimh de thart ar 50-60 km agus 25-30 km faoi seach. Is éard a bheidh i gceist leis an straitéis chun limistéir sheirbhíse a sholáthar ná teaglaim do shaoráidí a bheidh suite ar líne (i gcás go mbíonn moltaí á dtabhairt chun cinn ag údaráis áitiúla i gcomhar leis an Údarás) agus ag acomhail nó gar dóibh (i gcás moltaí a bheith á dtionscnamh ag leasanna tráchtála).

Déanfaidh na húdaráis áitiúla, ag gníomhú i gcomhar leis an Údarás, socrú le haghaidh líon teoranta de limistéir sheirbhíse ar líne mótarbhealaí agus carrbhealaí dhá rian. Cuirfear na limistéir seirbhíse sin ar fáil de réir dhearadh coincheapa a bheidh ullmhaithe ag an Údarás ionas go mbainfear an sárchleachtas amach i bhfónamh go sábháilte do ghluaiseachtaí tráchta chuig limistéir den sórt sin agus ó limistéir den sórt sin.

Cuid 2
Polasaithe agus Treoirlínte Pleanála Náisiúnta

2.1 "Comhairle agus Treoirlínte Rialú Forbartha" (1982) agus "Polasaí agus Creat Pleanála do Bhóithre" (1985).

Tá an polasaí oifigiúil maidir le fobairtí lena mbaineann rochtain ar bhóithre náisiúnta agus forbairtí ar feadh bhóithre den sórt sin, lena n-áirítear forbairt ribíneach, leagtha amach sna foilseacháin "*Comhairle agus Treoirlínte Rialú Forbartha*" agus *"Polasaí agus Creat Pleanála do Bhóithre*" a d'eisigh an Roinn Comhshaoil faoi seach i 1982 agus 1985. Tugtar léiriú praiticiúil ar an bpolasaí i ndoiciméad 1982 na Roinne a dhéanann an coinníoll "***Mar pholasaí ginearálta, níor chóir go gceadófaí suíomh bealaí nua rochtana ar Príomhbhóithre Náisiúnta, nó forbairt chónaitheach, tráchtála, tionsclaíocht nó forbairt eile a bhíonn spleách ar bhealaí rochtana den sórt sin, ach amháin i limistéir a mbíonn feidhm leis an luasteorainn 30-40 mph*** [comhionann le 50-60 kph]***, nó i gcás inlíonadh, sna limistéir foirgnithe atá cheana ann.*** Deirtear sa doiciméad go bhfuil feidhm leis na breithnithe céanna i gcás na mBóithre Náisiúnta den Dara Grád.

Deir an Polasaí agus Creat 1985 gurb é "***polasaí an Rialtais é gur chóir an infheistíocht seo (i mbóithre náisiúnta) a chosaint trí dul as feidhm róluath na mbóithre sin mar thoradh ar rialú neamhdhóthanach ar fhorbairt éadanais a chosc. Is léir ón taithí agus ó thaighde mura ndéantar forbairt éadanais a rialú go héifeachtach go laghdaítear an acmhainneacht trachta ar an mbóthar áirithe sin, go ngiorraítear a shaolré úsáideach agus go n-éilítear athsholáthar níos túisce ná ba chóir dó. Laghdaíonn sé sin an tairbhe atá le teacht as infheistíocht i mbóithre, cuireann sé ualach méadaithe ar cháiníocóirí agus athstiúrann sé acmhainní ó oibreachta bóthair riachtanacha eile. Bíonn tionchar dochrach ag rialú neamhdhóthanach ar fhorbairt éadanais ar shábháilteacht ar bhóithre. Tagann ráta méadaithe timpistí bóthair agus taismeach as sin, a bhfuil tionchar díreach aige ó thaobh an chaillteanais phearsanta do theaghlaigh agus an chaillteanais eacnamaíochta don tír".***

2.2 "Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe – Treoirlínte do na hÚdaráis Phleanála".

Athdhearbhaíodh na polasaithe náisiúnta atá leagtha amach in "*Comhairle agus Treoirlínte Rialú Forbartha*" agus in "*Polasaí agus Creat Pleanála do Bhóithre"* sa doiciméad "*Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe – Treoirlínte do na hÚdaráis Phleanála"* a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in Aibreán, 2005. I measc na dtreoirlínte sin tá an ceanglas "***gur chóir go mbeadh sé soiléir ó chuspóirí agus pholasaithe na bpleananna forbartha nach mbeadh rochtain dhíreach ó fhorbairtí amach anseo ceadaithe chuig bóithre náisiúnta atá lasmuigh de na criosanna luasteorann do bhailte agus do shráidbhailte".*** Deirtear sna Treoirlínte freisin, ***"Ba chóir go ndíreodh na príomhchuspóirí agus polasaithe a bheidh sa phlean forbartha ar fhorbairt éifeachtach leanúnach agus oibriú sábháilte na mbóithre, le haird go sonrach ar an ngréasán príomhbhóithre náisiúnta agus***

bóithre náisiúnta den dara grád (agus réigiúnacha).” Chun na críche sin, moltar sna Treoirlínte gur chóir “***go bhféachfadh an polasaí rialú forbartha, ar an gcéad ásc, an trácht a stiúradh ó fhorbairt nua isteach ar bhóithre áitiúla atá cheana ann agus ar an tslí sin úsáid a bhaint as pointí rochtana seanbhunaithe chun dul isteach ar bhóithre náisiúnta”.***

Léiríonn Treoirlínte 2005, i ndéileáil leis an gceist ar thithíocht i gceantair thuaithe, go gcaithfear cuspóirí a chur san áireamh i bpleananna forbartha údaráis áitiúil i ndáil le fobairt agus oibriú sábháilte an bhonneagair iompair amach anseo. Tugtar ar aird go bhfuil cuspóirí i go leor pleananna forbartha cheana féin maidir leis an ngá atá le bealaí bóithre amach anseo a chosaint ó fhorbairt agus moltar sna Treoirlínte gur chóir leanúint den chleachtas seo.

Caithfidh aird a bheith ag na húdaráis phleanála agus ag an mBord Pleanála ar Threoirlínte an Aire maidir le Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna de réir fhorálacha alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

2.3 Treoirlínte Pleanála Miondíola.

Tá úsáid bainte ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil freisin as Alt 28 d’Acht 2000 nuair a bhí Treoirlínte Pleanála Miondíola (Eanáir, 2005) á n-eisiúint chuig údaráis phleanála.Tugtar ar aird sna Treoirlínte (mír 21) “***Is é an dúshlán atá romhainn ná an tslí le freastal ar fhorbairt bhreise [miondíola] a mheastar a bheidh de dhíth ar shlí a bhíonn éifeachtach, cothromasach agus inbhuanaithe. Tá sé tábhachtach an suíomh is fearr d’fhorbairt nua miondíola a dhéanamh amach a mbeidh rochtain ag gach cuid den tsochaí air agus a bheidh ar scála a cheadaíonn do rathúlacht na lár bailte traisidisiúnta agus na hionaid miondíola atá cheana ann leanúint ar aghaidh. Ní féidir é seo a bhaint amach ach amháin má bhíonn polasaithe agus tograí straitéiseacha miondíola ann a chuimsítear i gcóras an phlean forbartha.”***

Baineann trí cinn de na chúig chuspóir atá aitheanta sna Treoirlínte Pleanála Miondíola le ceisteanna rochtana agus suíomh i gcomhthéacs ról leanúnach lár an bhaile agus lár na dúiche agus chomh gar agus a bhíonn siad do mhótarbhealaí/bóithre náisiúnta nua nó atá beartaithe. I ndéileáil leis an nithe sin, deirtear sna Treoirlínte:

“24. Is mó rochtain a bhíonn ag custaiméirí ar fhorbairt miondíola nuair a bhíonn sé suite laistigh de cheantar gabhála agus go mbíonn rochtain air le hiompar poiblí agus le carr príobháideach araon. Is é an tríú cuspóir polasaí, dá bhrí sin, ná na cineálacha forbartha is éasca teacht orthu – go háirithe le hiompar poiblí - a chur chun cinn i suíomh a spreagann siopadóireacht ilchuspóra, gnó agus tuarais áineasa ar an aistear céanna.

25. Mar thoradh air sin, is é an ceathrú cuspóir ná tacú le ról leanúnach an lár baile agus lár dúiche. Cabhróidh sé seo le hinfheistíocht in athnuachan uirbeach atá déanta cheana a atreisiú. Ba chóir na hionaid sheanbhunaithe seo a bheith ina suíomh ab fhearr le haghaidh forbartha a tharraingíonn go leor turais. Tacóidh an polasaí seo freisin lena ról mar ionaid d’idirghníomhú sóisialta agus gnó sa phobal. Chun an cuspóir sin a bhaint amach ba chóir go mbeadh an suíomh is fearr chun forbairt a choinneáil

laistigh de lár bailte, ag teacht leis an gceanglas rochtain mhaith a fháil ar iompar poiblí. Mura mbíonn aon láithreacha forbartha ar fáil laistigh de lár baile ansin ba chóir go mbeadh an chéad láthair eile is fearr ar imeall an láir baile. Níor chóir smaoineamh ar fhorbairt lasmuigh de lár baile a dhéanamh ach amháin nuair nach mbíonn aon láithreacha, nó aon láithreacha féideartha, i lár baile nó ar a imeall nó nuair nach féidir rochtain shásúil iompair (loc agus marcaíocht san áireamh) a chinntiú go réalaíoch laistigh de thréimhse réasúnach ama.

26. Is é an cuigiú cuspóir, agus an ceann deiridh, ná go nglactar leis nach mbeidh ionaid mhóra mhiondíola suite i suíomh atá ag síneadh le mótarbhealaí/bóithre náisiúnta atá cheana ann, atá nua nó atá beartaithe, nó i suíomh atá in aice leo. D'fhéadfadh úsáid neamhéifeachtúil bonneagair chostasaigh agus fhiúntaigh teacht as ionaid den sórt sin agus d'fhéadfadh siad an bonn a bhaint de ról iompair réigiúnaigh/náisiúnta na mbóithre a bhíonn i gceist. Mar eisceacht theoranta, áfach, d'fhéadfaí stórais mhóra mhiondíola a bhreithniú do shuímh atá in aice le gréasáin bhóithre den sórt sin i gcás go mbíonn an fhorbairt bheartaithe suite i bPlean Cónasctha Limistéir i nGeata (ainmnithe ag an Straitéis Spáis Náisiúnta) agus i gcás go mbíonn acmhainn a dhóthain ag an mbóthar chun fónamh do scála na forbartha a bhíonn beartaithe."

De réir na dtreoirlínte, sa choinníoll maidir le riachtanais acmhainn ghréasán bóithre d'fhorbairtí stórais mhóra mhiondíola, i.e. forbairtí aonair ag a mbíonn spás urláir os cionn 6,000 méadar cearnach comhlán, i gceantar Geata den Phlean Cónasctha Limistéir, chaithfeadh, i gcleachtas, go mbeadh suíomh forbairtí den sórt sin gar do ghréasán ard-acmhainne mótarbhealaigh nó carrbhealaigh dhá rian agus don acomhal a ghabhann leis. Éilíonn an próiseas pleanála a bhaineann le stórais mhiondíola den sórt sin go mbíonn measúnachtaí tionchair tráchta i dteannta le tograí a léiríonn comhlíonadh, inter alia, le critéar na hacmhainneachta gréasáin bóithre agus maidir le rochtain le seirbhísí iompair phoiblí atá cheana ann nó atá beartaithe chun go mbeadh sé inghlactha ó dhearcadh pleanála de (mír 84d).

2.4 Cuspóirí Polasaí Oifigiúil: Achoimre.

Go hachomair, is iad cuspóirí na bpolasaithe oifigiúla agus na dtreoirlínte éagsúla atá luaite cheana ná:

- an infheistíocht shubstaintiúil atá á dhéanamh ag an Rialtas in uasghrádú na mbóithre náisiúnta a chosaint;
- an fheidhm iompair beartaithe, an acmhainneacht iompair tráchta agus éifeachtacht ghréasán na mbóithre náisiúnta a choinneáil;
- caighdeáin arda sábháilteachta do dhaoine a bhíonn ag úsáid na mbóithre a chinntiú agus a bheith cinnte de nach lagtar na caighdeáin sin le baoil a eascraíonn as gluaiseachtaí tráchta a bhaineann le ilphointí rochtana ar an ngréasán;

- ré sheirbhíse an ghréasáin bóithre náisiúnta a leathnú, ar an tslí sin ag cur an gá le hathinfheistiú i dtuilleadh feabhsúchán bóithre siar go dtí an fadtéarma chomh maith le tógáil bóithre nua a mbeadh impleachtaí acu ar úinéirí talún, ar phobail áitiúla, ar an gcomhshaol agus ar chaiteachas poiblí;

- bealaí na mbóithre amach anseo, lena n-áirítear uasghrádú bóithre, a chosaint ó fhorbairt;

- úsáid láir bailte agus dúiche seanbhunaithe mar na suímh is fearr d'fhorbairtí nua miondíola a mheallann go leor turas a mholadh go láidir, agus

- toimhde a chruthú in aghaidh ionaid mhóra mhiondíola a bheith suite le hais nó in aice le mótarbhealaí/bóithre náisiúnta atá cheana ann, atá nua nó atá beartaithe mar go bhféadfadh úsáid mhí-éifeachtach ar bhonneagar costastach teacht as sin, go bhféadfadh sé an bonn a bhaint de ról iompair réigiúnach/náisiúnta na mbóithre lena mbaineann agus go bhféadfadh sé a bheith ag teacht salach ar an rogha polasaí oifigiúil do shuímh i láir baile agus dúiche seanbhunaithe.

(Mar eisceacht theoranta, áfach, d'fhéadfaí stórais mhóra mhiondíola a bhreithniú do shuímh atá in aice le gréasáin bhóithre den sórt sin i gcás go mbíonn sé suite i bPlean Cónasctha Limistéir i nGeata ainmnithe ag an Straitéis Spáis Náisiúnta, ar an gcoinníoll go mbíonn acmhainn a dhóthain ag an mbóthar chun fónamh don fhorbairt).

Cuid 3

Pleananna Forbartha agus Iarratais Phleanála

3.1. Cur Chuige agus Cuspóirí an NRA

Féachfaidh an cur chuige atá le glacadh ag an Údarás i ndáil le, (i) tograí ag údaráis phleanála chun a gcuid pleananna fobartha a leasú agus (ii) iarratais phleanála d'fhorbairt a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shábháilteacht agus d'éifeachtacht na mbóithre náisiúnta, an polasaí oifigiúil agus na treoirlínte, faoi mar a bhfuil cur síos orthu i gCuid 2, do bhainistiú na forbartha agus na rochtana ar bhóithre náisiúnta a chomhlíonadh.

Ag teacht leis an bpolasaí sin, féachfaidh an tÚdarás le teorainn a chur ar bhealaí rochtana chuig mótarbhealaí agus carrbhealaí dá rian, agus uathu, ag:

- acomhail cheadaithe,
- limistéir sheirbhíse agus limistéir scíthe ar líne a chuirtear ar fáil ar chomhairle na n-údarás áitiúil i gcomhar leis an Údarás, agus
- ardáin forghníomhaithe an Gharda Síochána.

Ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, glacfaidh an tÚdarás cur chuige sriantach i gcás bóithre náisiúnta eile a mbíonn feidhm le luasteorainneacha níos mó ná 50 kph leo maidir le tograí forbartha a mbíonn bealaí rochtana nua i gceist leo nó a chruthaíonn trácht méadaithe ó oibríochtaí agus gníomhaíochtaí atá cheana ar bhóithre den sórt sin.

D'fhéadfadh codanna de bhóithre náisiúnta ar bhealaí isteach chuig ionaid uirbeacha, agus ar bhealaí amach uathu, a bheith faoi réir ag luasteorainn de 60 kph. Tá na codanna sin ceaptha gníomhú mar chriosanna eatramhacha idir limistéir lena mbaineann luasteorainneacha arda (sa treo amach) agus luasteorainneacha ísle (sa treo isteach). Ba chóir criosanna eatramhacha a choinneáil saor ó fhorbairt a mbíonn rochtain dhíreach ar chodanna den bhóthar náisiúnta lena mbaineann i gceist leo ar a mhaithe le sábháilteacht.

3.2. Pleananna Forbartha.

3.2.1. Comhairliúchán le hÚdaráis Phleanála.

Féachfaidh an tÚdarás le déileáil go forghníomhach leis na húdaráis phleanála ar na gnéithe sin de na pleananna forbartha a bhaineann leis na bóithre náisiúnta nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar bhóithre náisiúnta le súil agus straitéisí agus forálacha cuí a chruthú a bhíonn in ann fónamh d'fhorbairt inbhuanaithe amach anseo agus ag an am céanna meas a bheith acu a mhéid is féidir ar na cuspóirí polasaí oifigiúil atá leagtha amach i gCuid 2.

3.2.2. Pleananna Forbartha a Ullmhú agus a Athbhreithniú.

Cuireann Alt 22 d'Acht na mBóithre, 1993 ar chumas an Údaráis moltaí a dhéanamh don údarás pleanála maidir lena mbíonn i bplean forbartha an údaráis. Caitheann an t-údarás pleanála aon mholtaí a dhéantar a mheas. Chomh maith leis sin, téann údaráis phleanála i gcomhairle leis an Údarás maidir lena moltaí a gcuid pleananna forbartha a leasú. Ar na gnéithe a mbeadh spéis ar leith iontu ó thaobh na mbóithre náisiúnta de bheadh athruithe molta, lena n-áirítear athchriosú, le himpleachtaí do rochtain ar bhóithre náisiúnta agus don acmhainneacht iompair tráchta agus éifeachtacht oibríochtúil bhóithre den sórt sin, lena n-áirítear achomhail, chomh maith le héifeachtaí ar chostais scéime bóithre mar thoradh ar luachanna ardaithe talún a bhíonn nasctha le hathchriosú. I gcás go socraíonn an tÚdarás moltaí a dhéanamh ar leasuithe beartaithe ar phlean forbartha beidh sé faoi threoir ag na polasaithe agus cuspóirí atá leagtha amach i gCuid 2.

Mar chuid den phróiseas d'athbhreithniú na bpleananna forbartha, tá ceangal ar na húdaráis phleanála faoi alt 11(3)(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, dul i gcomhairle leis an Údarás chun aon phleananna fadtéarmacha i ndáil le soláthar agus uasghrádú na mbóithre náisiúnta ina gceantair a dhéanamh amach. Tugann sé sin sásra luachmhar lenar féidir bealaí féideartha do bhóithre nua nó feabhsúcháin shuntasacha beartaithe ar bhóithre atá cheana ann a chur in iúl do na húdaráis phleanála agus an soláthar cuí a dhéanamh sna pleananna fobartha chun tabhairt i gcrích na scéimeanna bóithre atá i gceist amach anseo a éascú.

3.2.3. Tionchar ar Fhorbairt Achomhal.

Mar a thugtar le tuiscint in alt 1.4 socraítear suíomh agus acmhainneacht na n-achomhal ar bhóithre náisiúnta le linn phróiseas pleanála an bhóthair agus aird á tabhairt ar réimse fachtóirí agus, go háirithe, ag cur an méid tráchta idir-uirbigh agus idir-réigiúnaigh a mbítear ag súil leis in imeacht tréimhse 20 bliain ar a laghad san áireamh. Príomhchuspóir i leith an chur chuige do phleanáil bóithre ná leibhéal sásúil seirbhíse a bhaint amach do dhaoine a bhíonn ag úsáid na mbóithre agus an tseirbhís sin a chosaint agus a chothabháil in imeacht na tréimhse deartha a bhaineann leis an mbóthar príomhlíne agus leis na hacomhail ghaolmhara. Sna cúinsí sin, caithfidh na húdaráis phleanála cúram ar leith a ghlacadh ina measúnú agus ina mbainistiú ar thograí forbartha a bhaineann le hathchriosú suíomh ag acomhail nó in aice le hacomhail i gcás go bhféadfadh an fhorbairt sin lear suntasach tráchta breise a chruthú, agus ar

an tslí sin go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh d'acmhainneacht agus d'éifeachtacht na mbóithre náisiúnta/ na n-acomhal gaolmhar agus b'fhéidir go mbeadh laghdú róluath agus neamhghlactha ar an tseirbhís a bhíonn ar fáil do dhaoine a bhíonn ag úsáid na mbóithre mar thoradh air sin. Ba chóir d'údaráis phleanála, i mbreithniú na dtograí le haghaidh athchriosú le hais nó in aice le mótarbhealaí/bóithre náisiúnta agus acomhail atá cheana ann nó atá beartaithe, aird speisialta a thabhairt ar an rogha is fearr a léirítear sna Treoirlínte Pleanála Miondíola chun forbairtí a mheallann go leor turais a shuíomh laistigh de láir bailte agus dúiche atá seanbhunaithe. D'fháilteodh an tÚdarás roimh chainteanna leis na húdaráis phleanála ar gach togra athchriosaithe den chineál seo le súil agus modheolaíocht chomhaontaithe a ghlacadh i leith mheasúnú impleachtaí tráchta agus iompair agus na tionchair a bheadh ag oibríocht agus feidhmíocht na n-acomhal agus na mbóithre náisiúnta iomchuí mar áis chun straitéisí forbartha cuí agus inbhuanaithe a cheapadh.

3.2.4. Forbairtí Beartaithe i Limistéir Uirbeacha agus in Ionaid Forbartha Ainmnithe.

Is féidir leis an Údarás tacú le cleachtais a bhíonn dírithe ar fhorbairt i limistéir uirbeacha seanbhunaithe agus in ionaid forbartha ainmnithe. D'fhéadfadh sé gurbh fhearr gabháil de chomhdhlúthú agus, de réir mar is cuí, leathnú na suíomh sin laistigh de straitéis lánpháirtithe úsáid talún agus iompair a bheadh faoi anáil ag breithnithe forbartha inbhuanaithe.

3.2.5. Roghanna Bealaigh do Scéimeanna Bóithre Nua nó Feabhsaithe a Chosaint.

Is iondúil go mbíonn roinnt roghanna bealaigh a aithint agus a mheas i gceist leis an bpleanáil do bhóithre nua ag cur fachtóirí comhshaoil, innealtóireachta, tráchta agus costais san áireamh. Tá roinnt ama de dhíth chun an próiseas sin a thabhairt chun críche agus chun an rogha bealaigh is fearr a aithint, a mheastar, meá ar mheá, gurb é an réiteach is fearr uile é. Bíonn an bealach roghnaithe ina dhiaidh sin faoi réir ag meastóireacht níos mionsonraithe lena n-áirítear, i gcás gur cuí, Measúnú Tionchair Timpeallachta a ullmhú mar aon le hOrdú Ceannaigh Éigeantach/Scéim Mhótarbhealaigh a thugann an bonn chun cead ón mBord Pleanála don bhóthar beartaithe a lorg chomh maith leis na tailte is gá a fháil ar a dtógfar an bóthar. Go hidéalach, níor chóir go mbainfeadh moltaí údaráis pleanála talamh a athchriosú an bonn den phróiseas meastóireachta do phleanáil bóithre agus do rogha bealaigh i gcúinsí go mbíonn an phleanáil scéime bóthair ar siúl agus go mbíonn na bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann sainaitheanta agus tugtha ar aird an údaráis pleanála. Ar an gcaoi chéanna, níor chóir go mbeadh d'éifeacht ag tograí athchriosaithe go n-ardódh costas na talún atá le fáil nó atá á bhreithniú go gníomhach mar rogha bealaigh do scéim bóthair náisiúnta. Bheadh tograí den sórt sin, cé go bhféadfadh siad gnóchain mhóra airgeadais a thabhairt do na húinéirí maoine a bhíonn i gceist, ag teacht go mór in aghaidh leas an phobail níos leithne agus laghdódh, trí ardú suntasach a chur le costas na talún atá le fáil le haghaidh scéimeanna bóthair, an maoiniú atá ar fáil don Údarás le haghaidh tógáil bóthair agus obair feabhsúcháin tríd is tríd. Dá réir sin, i gcás go mbíonn údar maith leis mar gheall ar chúinsí, déanfaidh an tÚdarás moltaí do na húdaráis

phleanála maidir le leasuithe ar na pleananna forbartha le súil agus roghanna bealaigh do scéim bhóthair a chothabháil fad a bhíonn an phleanáil ag dul ar aghaidh agus arduithe gan ghá i gcostas na talún a bhíonn de dhíth chun críocha a bhaineann le bóithre a sheachaint.

Is maith atá a fhios ag an Údarás an neamhchinnteacht a chruthaítear mar thoradh ar an méid ama a ghlacann sé próiseas roghnúcháin bealaigh na scéime bóthair a chur chun cinn agus na himpleachtaí a bhíonn aige sin ar fhorbairt a d'fhéadfadh tarlú agus ar iarratais phleanála gaolmhara ar na roghanna bealaigh éagsúla a bhíonn á n-imscrúdú. Tá an tÚdarás, áfach, tiomanta an próiseas roghnúcháin bealaigh a chríochnú laistigh den chreat ama indéanta is giorra, ar an tslí sin ag tabhairt cinnteachta chuig an gcás agus ag tabhairt deis do na páirtithe leasmhara agus do na daoine aonair iarratais phleanála a dhéanamh i ndáil le roghanna bealaigh seachas an bealach roghnaithe.

3.2.6. Cúinsí Neamhghnácha.

D'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige sriantach i leith forbartha ar bhóithre náisiúnta a bhfuil luasteorainneacha níos mó ná 50 kph orthu (mír 3.1) mar chuid den idirghníomhú idir an tÚdarás agus na húdaráis phleanála chun aon imthosca eisceachtúla ábhartha a chur san áireamh. Dhéanfaí athbhreithnithe den sórt sin mar chuid de phróiseas athbhreithnithe an phlean forbartha. D'fhéadfadh forbairtí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo agus de réir a gcineáil gur oiriúnaí iad a bheith suite lasmuigh de limistéir uirbeacha agus i gcás go mbíonn tréithe sainiúla ag na suímh a dhéanann thar a bheith oiriúnach iad do na forbairtí atá beartaithe a bheith ina gcúinsí neamhghnácha. I measc na bhforbairtí a bhféadfaí fónamh dóibh ar an tslí seo d'fhéadfadh stórais mhóra mhiondíola a bheadh le suíomh i gceantar Phlean Cónasctha Limistéir i nGeata áit a bhfuil dóthain acmhainneachta ag an ngréasán bóithre chun fónamh do scála na forbartha atá beartaithe.

Ina mheas ag an Údarás an bhfuil údar maith le haird speisialta a thabhairt ar chúinsí neamhghnácha, cuirfidh sé nithe mar iad seo a leanas san áireamh:

- ábharthacht agus oiriúnacht na forbartha beartaithe i dtacú le haidhmeanna agus cuspóirí na Straitéise Spáis Náisiúnta agus na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnaí;
- polasaithe oifigiúla iomchuí ar bhainistiú forbartha, lena n-áirítear an Creat Polasaí agus Pleanála do Bhóithre (1985), Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe – Treoirlíne do na hÚdaráis Phleanála (2005) agus na Treoirlínte Pleanála Miondíola (2005);
- an cineál forbartha beartaithe agus an méid tráchta a chruthóidh sé;
- impleachtaí d'oibriú sábháilte agus éifeachtach an bhóthair náisiúnta chomh maith leis na himpleachtaí d'uasghráduithe beartaithe nó do bhealaí beartaithe do bhóithre nua;
- impleachtaí d'acmhainn iompair tráchta agus ré sheirbhíse an bhóthair;

- oiriúnacht an tsuímh i gcomparáid le suímh eile;
- an fhorbairt atá ar siúl cheana sa cheantar, agus
- an fasach a d'fhéadfaí a chruthú ar fhorbairt iardain den chineál céanna agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do bhóithre náisiúnta.

3.3. Iarratais Phleanála.

3.3.1. Iarratais Phleanála a chur in iúl don NRA.

Tá an stádas reachtúil ag an Údarás go dtéitear i gcomhairle leis faoin reachtaíocht phleanála agus, dá réir sin, caithfidh na húdaráis phleanála iarratais phleanála lena mbaineann rochtain nua nó leathnú ábhartha ar rochtain chuig bóthar náisiúnta atá cheana ann nó atá beartaithe a chur in iúl don Údarás, nó sa chás go bhféadfadh an fhorbairt bheartaithe an méid tráchta a bhíonn ag úsáid an bhóthair náisiúnta a mhéadú go suntasach.

3.3.2. Aighneachtaí agus Tuairimí an NRA.

Cuireann Airteagal 29 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, ar chumas an Údaráis aighneachtaí a dhéanamh chuig an údarás áitiúil, nó tuairimí a thabhairt dó, i ndáil le hiarratais phleanála a chuirtear in iúl don N.R.A.

Is ar bhonn cás ar chás a chinntear cibé an ndéanfaidh an tÚdarás aighneacht nó an dtabharfaidh sé a thuairim. I scrúdú an iarratais pleanála, measann an tÚdarás an suíomh beartaithe, ceisteanna sábháilteachta ar bhóithre a d'fhéadfadh teacht chun cinn, an méid tráchta atá le cruthú ag an bhforbairt agus na himpleachtaí don acmhainneacht iompair tráchta agus éifeachtacht an bhóthair náisiúnta i gcomharsanacht na forbartha beartaithe. I gcás gur cuí, tabharfaidh an mheastóireacht aghaidh ar an gceist níos leithne maidir le himpleachtaí an ghréasáin bóithre náisiúnta agus a gcaidreamh leis na bóithre áitiúla mórthimpeall air, lena n-áirítear an gá atá le feabhsúcháin cumar nó, i gcás mórfhorbairtí beartaithe a chruthaíonn méid suntasach tráchta breise, acomhail nua.

Is é an príomhábhar imní don Údarás, i bhfreagairt d'iarratais phleanála, ná a chinntiú nach sáraíonn an fhorbairt bheartaithe an polasaí oifigiúil agus na treoirlínte a bhfuil tuairisc orthu i gCuid 2. Dá réir sin, déanfaidh an tÚdarás, mar riail ghinearálta, agóid in aghaidh iarratais phleanála i gcomhair forbairtí a mbeadh iarmhairtí nach féidir glacadh leo acu ar acmhainneachta, oibríocht, éifeachtacht nó sábháilteacht na mbóithre náisiúnta nó a bhaineann le suímh ar an ngréasán bóithre náisiúnta idir-uirbeach lasmuigh de limistéir lena mbaineann an luasteorainn 50kph. Aithníonn an tÚdarás go bhfuil impleachtaí ag an gcur chuige sin ar úinéirí áirithe talún agus ar aicmí áirithe forbartha. Caithfear na himpleachtaí sin, áfach, a chur i gcoinne leas an phobail i gcoitinne agus na tairbhí substaintiúla, lena n-áirítear caighdeáin bóithre níos airde, a bheidh mar thoradh ar na cuspóirí atá leagtha amach i mír 2.4 a bhaint amach trí rialuithe bainistithe forbartha cuí a fheidhmiú.

3.3.3. Rochtain ar Bhóithre Náisiúnta.

Tá an tÚdarás forghníomhach ar na bearta a bhfuil sé i gceist leo caighdeáin arda sábháilteachta ar bhóithre a bhaint amach chomh maith le gluaiseacht éifeachtúil tráchta ar bhóithre náisiúnta. Mar chuid den chur chuige seo, féachann an tÚdarás bealaí eile rochtana a sholáthar le hais na forbartha atá cheana ar bhóithre áitiúla in imthosca a mbíonn an rochtain ar bhóthar náisiúnta dúnta mar thoradh ar thógáil mótarbhealaigh, carrbhealaigh dhá rian nó mórscéime feabhsúcháin bóthair náisiúnta eile. D'fhéadfaí fónamh do rochtain den sórt sin trí bhóithre seirbhíse a bhíonn deartha don chuspóir a sholáthar nó bealaí cuí eile chun nascadh le gréasán na mbóithre áitiúla. Bhainfeadh cleachtais a cheadaíonn rochtain ar bhóithre náisiúnta ó fhorbairt amach anseo an bonn de na tairbhí suntasacha sábháilteachta ar bhóithre agus éifeachtachta oibríochta a fhaightear ó dheireadh a chur le hilphointí rochtana. Dá réir sin, nuair a bhítear ag déileáil le hiarratais phleanála le haghaidh forbairt a shuíomh i limistéir tuaithe lasmuigh den chrios luasteorann 50 kph, cuirfidh an tÚdarás beartas bainistithe forbartha oifigiúil i bhfeidhm (féach mír 2.2.) lena ndéanfaí iarrachtaí ar an gcéad ásc an trácht ón bhforbairt nua a stiúradh isteach ar na bóithre áitiúla atá cheana ann agus, ar an tslí sin, úsáid a bhaint as pointí rochtana seanbhunaithe chun dul isteach chuig bóithre náisiúnta.

3.3.4. Iniúchtaí Sábháilteachta ar Bhóithre.

Éilíonn an tÚdarás go ginearálta go gcaithfidh iniúchadh sábháilteachta ar bhóithre a bheith ag gabháil le hiarratais phleanála lena mbaineann bealach isteach nua ar bhóthar náisiúnta nó athruithe ar an leagan amach atá cheana ar bhealach isteach chun níos mó faisnéise a bheith ar fáil chun impleachtaí sábháilteachta na forbartha beartaithe a mheas agus chun cabhrú le bearta cuí a éilíonn caighdeáin sábháilteachta a choimeád a shainaithint. D'fhéadfadh an t-údarás pleanála, áfach, socrú gan bacadh leis an gceanglas iniúchadh sábháilteachta ar bhóithre a dhéanamh i gcás iarratas ar fhorbairtí cónaithe aonair.

Is foirne iniúchta sábháilteachta, a mbíonn a gcomhaltaí ceadaithe ag an NRA, amháin a fhéadfaidh iniúchtaí sábháilteachta maidir le forbairtí a dhéanann difear do bhóithre náisiúnta a dhéanamh. Ba chóir na ceadanna sin a fháil ón Údarás (iarratais a chur ar ríomhphost chuig roadsafetyaudits@nra.ie nó sa phost chuig An Rannóg Sábháilteachta ar Bhóithre, An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Teach Naomh Máirtín, Bóthar Waterloo, Baile Átha Cliath 4) sula ndéantar na hiniúchtaí.

3.3.5. Measúnachtaí Tráchta agus Iompair.

Cruthóidh tograí forbartha áirithe turais/taisteal suntasach breise, lena n-áirítear trácht ar bhóithre, le ciallachais thromchúiseacha do bhóithre náisiúnta agus do na bóithre áitiúla a bhíonn i gceangal leo. B'fhéidir go mbeadh gá, in imthosca áirithe, le hathruithe ar an mbóthar agus/nó ar leagan amach cumar agus ar acmhainneacht chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna sábháilteachta agus chun leibhéal sásúil seirbhíse do dhaoine a bhíonn ag úsáid an bhóthair a choinneáil. D'fhéadfadh ciallachais shuntasacha do sheirbhísí iompair phoiblí a bheith ag forbairtí ar mhórscála freisin. Tá an tÚdarás i bhfabhar measúnacht tráchta agus iompair a ullmhú i gcásanna den sórt sin ionas go dtabharfaidh siad aghaidh go hiomlán ar na ciallachais a thagann chun cinn agus agus chun cabhrú

le meastóireacht an iarratais phleanála. Cuirfidh an t-údarás pleanála áitiúil comhairle ar fáil maidir leis an ngá atá le measúnacht den sórt sin a bheith i dteannta le hiarratas pleanála ag cur cineáil, scála agus suíomh na forbartha beartaithe san áireamh agus an bhféadfadh sé turais/taisteal breise a chruthú, trácht bóthair san áireamh.

3.3.6. Maoiniú ar Uasghrádú Bóthair ag eascairt as Forbairt Cheadaithe.

In imthosca go nglactar i bprionsabal le hiarratais phleanála a bhaineann le bóthar náisiúnta nó le limistéar a bhfónann bóthar den sórt sin air (cibé faoi réir ag luasteorainn 50 kph nó ag luasteorainn eile) agus go gcaithfear, mar gheall ar an bhforbairt bheartaithe, bóithre náisiúnta a uasghrádú chun fónamh don trácht lena mbaineann agus acmhainneacht iompair tráchta agus éifeachtacht an ghréasáin bóithre náisiúnta a chothabháil, ba chóir go n-íocfadh an forbróir costais na n-uasghráduithe cuí. Lorgóidh an tÚdarás coinníoll ina leith sin mar chuid d'aon cheadú atá le heisiúint ag an údarás pleanála i ndáil le forbairt den sórt sin ionas go gcosnófar na cáiníocóirí ón gcostas a bhaineann le fóirdheontais mhíchuí a íoc le forbairt phríobháideach agus go gcoinnítear an maoiniú Státchiste a bhíonn ar fáil don Údarás le hinfheistiú i dtionscadail bóithre náisiúnta a bhíonn chun leasa an phobail.

3.3.7. Cinneadh Ceadú a thabhairt Contrártha do Thuairimí an NRA a chur in iúl don NRA.

I gcásanna gurb é cinneadh an údaráis pleanála cead a thabhairt d'fhorbairt, agus nach mbíonn an cinneadh sin ag teacht leis an tuairimí a chuir an tÚdarás ar fáil roimhe sin, bíonn ar na húdaráis phleanála tuarascáil ar an gceist a chur ar aghaidh chuig an Údarás, lena n-áirítear cóip den chinneadh iomlán agus aon choinníollacha a leagtar síos.

3.3.8. Achomhairc ag an NRA chuig an mBord Pleanála.

Is féidir leis an Údarás achomharc a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar aon chinntí a dhéanann na húdaráis phleanála cead a thabhairt d'iarratais phleanála a mbíonn diúltú molta ag an Údarás ina leith nó maidir le téarmaí an cheada, lena n-áirítear aon choinníollacha a ghabhann leis. Tá an ceart sin forfheidhmithe ag an Údarás cheana san am a caitheadh agus leanfaidh sé de bheith á dhéanamh sin, i gcás gur cuí, le haird ar na himthosca go léir a bhíonn i gceist, lena n-áirítear na polasaithe pleanála náisiúnta agus treoirlínte atá leagtha amach i gCuid 2 den Ráiteas seo.